2008

Forléargas

# An tOmbudsman Eorpach

Европейски омбудсман
El Defensor del Pueblo Europeo
Evropský veřejný ochránce práv
Den Europæiske Ombudsmand
Der Europäische Bürgerbeauftragte
Euroopa ombudsman
Ο Ευρωπαίος Διαμεσολαβητής
The European Ombudsman
Le Médiateur européen
An tOmbudsman Eorpach
Il Mediatore europeo
Eiropas ombuds
Europos ombudsmenas
Az Európai Ombudsman
L-Ombudsman Ewropew
De Europese Ombudsman
Europejski Rzecznik Praw Obywatelskich
O Provedor de Justiça Europeu
Ombudsmanul European
Európsky ombudsman
Evropski varuh človekovih pravic
Euroopan oikeusasiamies
Europeiska ombudsmannen

ga

## A Léitheoir, a chara,

Fáilte chuig "Forléargas 2008" ón Ombudsman. Tuairiscítear, go hachomair, san fhoilseachán nua seo na torthaí ba thábhachtaí a baineadh amach do ghearánaigh agus na príomh-shaincheisteanna beartais a bhí faoi chaibidil le bliain anuas. Tá súil agam go gcabhróidh sé leat chun tuiscint a fháil ar obair an Ombudsman.

### Ceangal níos treise a bheith idir an tAontas agus a shaoránaigh

Bíonn sé le rá agam go minic gur léir, den chuid is mó, a dhírithe is a bhíonn institiúid ar a saoránaigh ón mbealach ina gcaithtear le gearáin. Maidir leis an 36% de chásanna a dúnadh sa bhliain 2008, ghlac an institiúid lena mbaineann le réiteach cairdiúil nó thángthas ar shocrú. Tá ocht gcás ann san iomlán gur samplaí dea-chleachtais iad ar an mbealach is fearr le caitheamh le saincheisteanna a ardaíonn an tOmbudsman. Leagtar béim ar chúig cinn de na "cásanna eiseamláireacha" ar na dhá leathanaigh a leanúint. Baineann na trí chás eile leis an gCoimisiún Eorpach (cás 2672/2008/VL), leis an gCúirt Bhreithiúnais Eorpach (2448/2008/WP), agus don tríú bliain as a chéile, le Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta na hEorpa (893/2006/BU).

Ní raibh na freagraí go léir a tugadh ar fhiosrúcháin an Ombudsman chomh heiseamláireach sin, áfach. Dhiúltaigh an Coimisiún a seasamh siúd a athrú i gcás lenar bhain idirdhealú ar bhonn aoise. D'fhág an diúltú sin gur chuir mé an t-aon tuarascáil speisialta a d'eisigh mé sa bhliain 2008 isteach chuig an bParlaimint. Cé gur tháinig titim go 44 (ó 55 sa bhliain 2007) ar an líon fiosrúchán inarbh éigean dom ráitis chriticiúla a dhéanamh, is rómhór fós a líon. D'fhoilsigh mé dhá staidéar ar mo shuíomh gréasáin sa bhliain 2008 a bhain leis an méid a bhí le rá ag na hinstitiúidí lena mbaineann faoi ráitis chriticiúla agus ráitis bhreise a rinneadh sa bhliain 2006 agus 2007 chun lámh chúnta a thabhairt d'institiúidí agus do chomhlachtaí chun a bhfeidhmíocht a fheabhsú.



Déanann **an tOmbudsman Eorpach** imscrúdú ar ghearáin faoi dhrochriarachán in institiúidí agus i gcomhlachtaí an AE. Is féidir le saoránach ar bith den AE, nó duine a chónaíonn san AE, nó fiontar nó comhlachas i mBallstát gearán a dhéanamh leis an Ombudsman. Tá bealach gasta, solúbtha agus saor in aisce ag an Ombudsman chun fadhbanna le córas riaracháin an AE a réiteach.

Tá a thuilleadh faisnéise sna 23 teanga oifigiúil AE le fáil ar **www.ombudsman.europa.eu**, agus tá an Forléargas seo, na cásanna a luaitear san fhoilseachán seo chomh maith le Tuarascáil Bhliantúil iomlán 2008 (a bheidh ar fáil i mBéarla ó Aibreán 2009 agus sna teangacha oifigiúla go léir ó mhí Iúil 2009) le fáil air chomh maith.

### Caomhnóir gníomhach na trédhearcachta

Dúnadh an líon ab airde fós d'fhiosrúcháin (355) sa bhliain 2008 taobh istigh de thréimhse nár lú ná bliain i bhformhór na gcásanna. Tá sé mar aidhm againn sa bhliain 2009 ár bhfeidhmíocht a fheabhsú tríd an achar ina ndéantar cásanna a dhúnadh a ghearradh siar tuilleadh. Ba í an easpa trédhearcachta (36% d'fhiosrúcháin) an líomhain ba chomónta a scrúdaíodh i bhfiosrúcháin ar cuireadh tús leo sa bhliain 2008. I ngach ceann de na cásanna sin, thug mé ugach d'institiúidí agus do chomhlachtaí AE na leibhéil trédhearcachta is airde a úsáid ina ngníomhaíochtaí. Bhain saincheisteanna cosanta sonraí le roinnt cásanna ina raibh sé riachtanach cothromaíocht a fháil idir an phríobháideacht agus an trédhearcacht sa chur chuige a glacadh. Chuaigh mé i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí maidir le roinnt cásanna agus ba mhór an chabhair an chomhairle a cuireadh orm.

Gné thábhachtach a bhain leis an trédhearcacht ab ea an togra ón gCoimisiún sa bhliain 2008 chun rialacha an AE ar theacht an phobail ar cháipéisí a leasú. Nocht mé an imní a bhí orm faoi ghnéithe áirithe den togra seo, ar thogra maith é seachas sin, agus mhol mé don Pharlaimint an fheidhm atá acu mar chomhreachtóir a úsáid ar an tsaincheist seo chun an toradh is fearr a bhaint amach do shaoránaigh. Stiúir mé staidéar comparáideach i measc mo chomhghleacaithe i Líonra Eorpach na nOmbudsmen ar dhea-chleachtas sna Ballstáit maidir le teacht an phobail ar fhaisnéis i mbunachair shonraí chun mo chion a dhéanamh sa díospóireacht seo. Spreag na torthaí a tháinig as an staidéar seo mé chun tograí daingne a chur i dtoll a chéile maidir le rialacha an AE ar theacht ar cháipéisí a leasú.

### Cultúr seirbhíse a chur chun cinn


Cláraíodh 3 406 gearán san iomlán leis an Ombudsman sa bhliain 2008. Rinneamar gach iarracht, faoi mar is gnách linn, chun cinntiú go mbeadh na daoine siúd a bhféadfadh údar gearáin a bheith acu, ar an eolas faoi sheirbhísí an Ombudsman. Mar shampla, maidir le gnóthaí, eagraíochtaí neamhrialtasacha agus eagraíochtaí eile ar bheag an úsáid a bhain siad as an Ombudsman san am atá caite, d'fhoilsíomar fiosrúchán ar ár dtionscnamh féin faoi thráthúlacht na n-íocaíochtaí ón gCoimisiún chun béim a leagan ar a mhéid is a bheimis ábalta a dhéanamh dóibh i ndáiríre.

I mbeagnach 80% de na cásanna a cláraíodh, bhíomar ábalta cabhrú leis an ngearánach trí fhiosrúchán ar an gcás a oscailt, an cás a aistriú chuig comhlacht inniúil nó trí chomhairle a thabhairt faoin gcéad chéim eile. Go minic is í an chomhairle a chuirtear ná teagmháil a

dhéanamh le comhalta Líonra Eorpach na nOmbudsmen. Chas Ombudsmen réigiúnacha den Líonra le chéile i mBeirlín i mí na Samhna chun an bealach ina bhféadfaimis, i dteannta a chéile, feabhas a chur ar an tseirbhís a chuirimid ar fáil do shaoránaigh a phlé. Lean mé ar aghaidh chomh maith leis an teagmháil a bhí á déanamh agam le Comhaltaí agus feidhmeannaigh in institiúidí agus i gcomhlachtaí an AE chun ugach a thabhairt dóibh cultúr seirbhíse a ghlacadh a bheadh ar mhaithe le saoránaigh. Ceann de na buaicphointí maidir leis seo ab ea gur síníodh Meabhrán Comhthuisceana le hUachtarán an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta agus ceann eile ab ea an comhaontú a fuarthas ó Ghníomhaireachtaí an Aontais an Cód Eorpach um Dhea-Iompar Riaracháin a ghlacadh sa chaidreamh a bhíonn acu le saoránaigh.

Bhain forbairt thábhachtach deiridh a tharla sa bhliain 2008 leis an leasú ar Reacht an Ombudsman. Cinntítear leis na hathruithe a rinneadh go bhféadfaidh lán-mhuinín a bheith ag saoránaigh i gcumas an Ombudsman imscrúdú críochnúil gan bhacainní a stiúradh ar a ngearáin. Táim ag súil go mór le leanúint ar aghaidh leis an obair atá ar bun agam ar mhaithe le saoránaigh ar bhonn an tsainordaithe seo atá níos láidre fós in 2009.

Strasbourg, 31 Eanáir 2009



P. Nikiforos Diamandouros

## Rogha cásanna a bhí idir lámha sa bhliain 2008

Cumhdaíodh saincheisteanna a bhain le ceisteanna trédhearcachta, cúrsaí institiúideacha agus beartais, agus feidhm an Choimisiúin mar chaomhnóir an Chonartha sna fiosrúcháin a rinne an tOmbudsman sa bhliain 2008. Bhain siad chomh maith le fadhbanna i gcomórtais oscailte agus i nósanna imeachta earcaíochta, cúrsaí foirne chomh maith le díospóidí conarthacha agus glao amhrasach ar thairiscintí. Tugtar roinnt samplaí thíos, lena n-áirítear cúig chás as na hocht gcás eiseamláireacha a luaitear don bhliain 2008.

### Easpa trédhearcachta

D’aontaigh an **Oifig Eorpach um Roghnú Foirne** (Epso) na critéir mheastóireachta a úsáidtear i nósanna imeachta roghnóireachta, chomh maith le briseadh síos ar mharcanna indibhidiúla a nochtadh d’iarrthóirí, ar a n-iarraidh. Lean sé sin fiosrúchán ar a thionscnamh féin a rinne an tOmbudsman, agus mhol an tOmbudsman Epso as a trédhearcaí is a bhí an cur chuige a ghlac siad (OI/5/2005/PB).

I gcás 754/2007/BU, chaith an **Oifig Frithchalaoise Eorpach** (Olaf) go cuiditheach le hiarratas ar theacht ar cháipéisí. Chomhlíon an Oifig rialacha an AE maidir le teacht ar cháipéisí trí dhá leagan den tuarascáil ábhartha a scaoileadh – ceann le sonraí pearsanta an ghearánaigh agus ceann eile gan sonraí pearsanta an ghearánaigh – agus thaispeáin siad cur chuige a bhí dírithe ar an saoránach.

Cháin an tOmbudsman an Coimisiún as a theip chun clár cuimsitheach a bhunú de na cáipéisí a chuirtear i dtoll a chéile nó a fhaightear isteach. B’as gearán a rinne eagraíocht neamhrialtasach na Breataine, Statewatch, a d’eascair an cáineadh sin. Ó tharla gur cheart clár den sórt a bheith i bhfeidhm cheana féin sa bhliain 2002, d’iarr an tOmbudsman ar an gCoimisiún gníomhú go gasta agus thacaigh Parlaimint na hEorpa, i rún, le glao an Ombudsman (3208/2006/GG).

### Díospóidí conarthacha

Mhol an tOmbudsman an **Coimisiún**, in dhá chás chonarthacha, as a gcur chuige cuiditheach. I gcás 3490/2005/(ID)PB a bhain le díospóid íocaíochta le cuideachta Iodálach faoi thionscadal AE chun uisce a sholáthar do dhaoine easáitithe sa Libéir, ghlac an Coimisiún cur chuige críochnúil agus cuiditheach sa nós imeachta agus ghlac le híocaíochtaí ábhartha breise a aithníodh ag a chuid seirbhísí féin agus ag an ngearánach fiú. D’fhág sin gur íocadh breis is EUR 100 000 leis an gcuideachta Iodálach.

I gcás 3784/2006/FOR a bhaineann le hinstitiúid Ostarach a bhí páirteach i gconradh taighde agus forbartha i réimse na hinnealtóireachta ceimicí, d’aontaigh an **Coimisiún** EUR 54 000 a íoc. Lean sé seo iarraidh ón Ombudsman go n-athbhreithneodh an Coimisiún a dhiúltú suim neamhíoctha a íoc ó tharla nach raibh na ráitis deiridh chostais faighte acu in am.

## Fadhbanna le gearáin sháraithe

Chaith fiosrúcháin an Ombudsman solas ar shraith de fhadhbanna a bhaineann leis an mbealach ina láimhseálann an Coimisiún gearáin um shárú. I gcás lenár bhain reachtaíocht Spáinneach maidir le harduithe i gcánachas caipitil, cháin an tOmbudsman an Coimisiún as an iomarca ama a chaitheamh agus as a theip chun an gearánach a chur ar an eolas go cuí a thúisce is a tugadh an cinneadh tús foirmiúil a chur le himeacht sáraithe. Rinne sé moltaí ar an mbealach a bhféadfadh an Coimisiún a nósanna imeachta a fheabhsú (3737/2006/(BM)JMA). Cáineadh an Coimisiún chomh maith as a theip chun míniú leordhóthanach comhtháite a thabhairt ar an údar gur cinneadh cás lenar bhain sárú féideartha ar dhlí comhshaoil an Chomhphobail i dtionscadal Iodálach a bhain le seachród, a dhúnadh (1962/2005/IP).

## Idirdhealú féideartha ar bhonn aoise san earcaíocht

Rinne saorateangaire Beilgeach a bhí fostaithe ag na hinstitiúidí i gcomhair cruinnithe sonracha le breis is 35 bliain gearán leis an Ombudsman nuair nach bhfuair sé a thuilleadh tairiscintí oibre ar chasadh 65 dó. Dheimhnigh an tOmbudsman gurbh ionann sin agus idirdhealú ar bhonn aoise, agus mar fhreagra air sin d'athraigh an Pharlaimint a cleachtas (186/2005/ELB). Theip ar an gCoimisiún, ar an lámh eile, an t-údar gur caitheadh le saorateangairí níos sine ná 65 bliain d'aois ar bhealach éagsúil a chosaint go cuí agus diúltaíodh a chleachtas a athrú. Ó tharla gur eascair saincheist thábhachtach phrionsabail as an gcás, chuir an tOmbudsman tuarascáil speisialta isteach chuig an bParlaimint (185/2005/ELB).

→→→ I gcás inar líomhnaíodh idirdhealú ar bhonn aoise i gcoinne na **Comhairle**, níor chinn an tOmbudsman go ndearnadh idirdhealú. D'aontaigh an Chomhairle, áfach, íocaíocht *ex gratia* de EUR 1 000 a dhéanamh mar aitheantas ar an míchaoithiúlacht agus ar an strus a d'fhulaing an gearánach. Thairg an Chomhairle conradh bliana don ghearánach i dtús báire ach athraíodh na téarmaí nuair a tuigeadh go gcasfadh an gearánach 65 le linn na tréimhse sin (1162/2007/FOR).

## An líon gearán agus fiosrúchán

Cláraíodh 3 406 gearán leis an Ombudsman sa bhliain 2008 (i gcomparáid le 3 211 sa bhliain 2007) agus osclaíodh 296 fiosrúchán (i gcomparáid le 309 sa bhliain 2007). Dhún sé 355 fiosrúchán le linn na bliana (348 sa bhliain 2007). San iomlán bhí breis is 7 700 gearán agus iarraidh ar fhaisnéis idir lámha ag an Ombudsman.


## Na gníomhartha a ghlac an tOmbudsman

I mbeagnach 80% de na cásanna a próiseáladh (2 643), bhí an tOmbudsman ábalta cabhrú leis an ngearánach trí fhiosrúchán ar an gcás a oscailt, an cás a aistriú chuig comhlacht inniúil nó trí chomhairle a thabhairt faoin chéad chéim eile.

Tabhair faoi deara
I roinnt cásanna cuireadh níos mó ná cineál amháin comhairle ar ghearánach. Dá bharr seo tá breis is 100% in iomlán na gcéatadán.

Maidir le cásanna a aistríodh agus comhairle a tugadh, cuireadh 55% de na gearánaigh ar aghaidh chuig comhalta de Líonra Eorpach na nOmbudsmen .i. ombudsman náisiúnta nó réigiúnach sna Ballstáit nó chuig Coiste Achainíocha Pharlaimint na hEorpa. Cuireadh 17% san iomlán faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh agus moladh do 36% teagmháil a dhéanamh le comhlachtaí eile cosúil le Solvit a mbíonn fadhbanna a eascraíonn as cur chun mífheidhme dlí an mhargaidh inmheánaigh ag údaráis phoiblí idir lámha acu.

## Foinse na ngearán as a n-eascraíonn fiosrúcháin




## Na torthaí a tháinig as na fiosrúcháin a rinneadh

Bhí toradh dearfach ar 129 de na cásanna a dúnadh sa bhliain 2008, ó tharla gur ghlac an institiúid lena mbaineann le réiteach cairdiúil nó gur thángthas ar shocrú. Níor aimsíodh drochriarachán in 110 de na cásanna. Bhí focail bhreise ag an Ombudsman i leith 41 cás chun feabhas a chur ar fheidhmíocht sa todhchaí. Aimsíodh drochriarachán in 53 de na cásanna: fágadh maidir le hocht gcás gur ghlac an institiúid le dréachtmholadh, fágadh maidir le cás amháin gur cuireadh tuarascáil speisialta chuig an bParlaimint, agus dúnadh 44 cás le ráitis chriticiúla.

= 10 gcás

TABHAIR FAOI DEARA I roinnt cásanna dúnadh fiosrúcháin ar dhá chúis nó níos mó. Dá bharr seo tá breis is 100% in iomlán na gcéatadán.





## Na hinstitiúidí agus na comhlachtaí lenar bhain na fiosrúcháin

Bhain formhór na bhfiosrúchán a osclaíodh sa bhliain 2008 leis an gCoimisiún Eorpach (66%). De bhrí gurb é an Coimisiún an príomhinstitiúid sa Chomhphobal a dhéanann cinntí a mbíonn tionchar díreach acu ar shaoránaigh, luíonn sé le réasún gurb air, go príomha, a bheadh gearáin na saoránach dírithe.

= 10 gcás

TABHAIR FAOI DEARA I gcás amháin, bhain an fiosrúchán céanna le dhá institiúid. Dá bharr seo tá breis is 100% in iomlán na gcéatadán.





## An cineál drochriaracháin a bhain leis na fiosrúcháin

Tarlaíonn drochriarachán más rud é go dteipeann ar institiúid gníomhú i gcomhréir leis an dlí, go dteipeann orthu déanamh de réir prionsabail dea-riaracháin, nó más rud é go sáraíonn siad cearta bunúsacha. Ba í an easpa trédhearcachta (in 36% de na fiosrúcháin a osclaíodh) an líomhain ba chomónta ó thaobh drochriaracháin de a bhí idir lámha ag an Ombudsman sa bhliain 2008.

= 10 gcás

TABHAIR FAOI DEARA I roinnt cásanna, scrúdaíodh dhá chineál drochriaracháin líomhnaithe nó níos mó san fhiosrúchán céanna. Dá bharr seo tá breis is 100% in iomlán na gcéatadán.




## Na daoine a rinne na gearáin

Tabhair faoi deara
Ríomhadh cóimheas na ngearán trí chéatadán na ngearán iomlán a fuarthas ó gach Ballstát a roinnt ar a chéatadán de dhaonra iomlán an AE. I gcás gur mó ná 1,0 é, léiríonn sé seo gur chuir an tír atá i gceist níos mó gearán isteach chuig an Ombudsman ná mar a bheifí ag súil leis de réir dhaonra na tíre.

| Tír | Cásanna |
|---|---|
| **An Ghearmáin** | **546** |
| **An Spáinn** | **352** |
| **An Pholainn** | **270** |
| **An Fhrainc** | **240** |
| **An Bheilg** | **229** |
| **An Iodáil** | **219** |
| **An Ríocht Aontaithe** | **197** |
| **An Ghréig** | **110** |
| **An Ostair** | **108** |
| **An Rómáin** | **97** |
| **An Phortaingéil** | **95** |
| **An Ísiltír** | **78** |
| **An Bhulgáir** | **74** |
| **Poblacht na Seice** | **66** |
| **An tSualainn** | **52** |
| **An Fhionlainn** | **49** |
| **An Ungáir** | **46** |
| **Éire** | **45** |
| **An tSlóivéin** | **41** |
| **Málta** | **36** |
| **An Chipir** | **35** |
| **Lucsamburg** | **33** |
| **An tSlóvaic** | **29** |
| **An Danmhairg** | **23** |
| **An Laitvia** | **18** |
| **An Liotuáin** | **11** |
| **An Eastóin** | **7** |
| **Eile** | **221** |
| **Ní fios** | **79** |

Taispeántar sa léarscáil thíos a dhóichí é go ndéanfaidh daoine i ngach Ballstát gearán leis an Ombudsman Eorpach. Tá sé bunaithe ar an líon gearán ó gach aon Bhallstát i gcoibhneas lena daonra. Tugtar dearbhuimhir na ngearán de réir gach Ballstáit chomh maith.





## Ombudsman Eorpach

1 Avenue du Président Robert Schuman
CS 30403
67001 Strasbourg Cedex
An Fhrainc
Teil. +33 3 88 17 23 13
Facs +33 3 88 17 90 62


→→→ **www.ombudsman.europa.eu**


© Na Comhphobail Eorpacha, 2009
Údaraítear atáirgeadh chun críocha oideachais agus neamhthráchtála ar an gcoinníoll go dtugtar aitheantas don fhoinse.



Pierre Rœsch typo·graphisme, Strasbourg
*Printed in Luxembourg*
Clóbhuailte ar CyclusPrint, clópháipéar mín a tháirgtear go hiomlán as snáithíní athchúrsáilte.
QK-AD-09-001-GA-D · ISSN 1831-3752

Oifig Foilseacháin
*Publications.europa.eu*